C/2025/5026

15.9.2025

TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN

Treoraíocht maidir le sonraí feithicle, a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/2854 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (an Gníomh um Shonraí)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/5026)

1. RÉAMHRÁ

1. Is é is aidhm do Rialachán (AE) 2023/2854 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) maidir le rialacha comhchuibhithe i dtaca le rochtain chothrom ar shonraí agus úsáid chothrom sonraí ('an Gníomh um Shonraí') leithdháileadh cothrom luacha sonraí a áirithiú agus borradh a chur faoi infhaighteacht sonraí. Cruthóidh sé sin na dálaí le haghaidh geilleagar sonraí rathúil agus beifear in ann táirgí, seirbhísí agus samhlacha gnó nuálacha a fhorbairt. Is píosa reachtaíochta cothrománach é an Gníomh um Shonraí, a bhfuil feidhm aige i ngach réimse agus earnáil den gheilleagar.

2. Leis an treoraíocht seo maidir le sonraí feithicle, cuirtear comhairle shaincheaptha ar fáil do pháirtithe leasmhara san earnáil mótarfheithiclí maidir leis an gcaoi le Caibidil II den Ghníomh um Shonraí a chur chun feidhme. Is é is aidhm dó príomhoibleagáidí an Ghnímh um Shonraí a mhíniú a mhéid a bhaineann siad le sonraí feithicle mar a shainítear i mír 19 den treoraíocht seo, agus aird a díriú ar na sonraí a thagann faoi raon feidhme Chaibidil II den Ghníomh um Shonraí agus ar na rialacha rochtana is infheidhme.

3. Rinne an Coimisiún comhairliúchán cuimsitheach agus an treoirdhoiciméad seo á thiomsú aige. Chuaigh sé i gcomhairle le go leor páirtithe leasmhara a dhéanann ionadaíocht do shlabhra luacha iomlán na hearnála mótarfheithiclí, agus cothromaíocht gheografach agus earnála á háirithiú an tráth céanna. Bhí ceardlanna, ceistneoirí agus cruinnithe le páirtithe leasmhara i gceist leis an gcomhairliúchán. Rinne an Coimisiún anailís agus breithniú cuí ar an ionchur forleathan a fuarthas, agus bhain sé leas as agus an treoraíocht á hullmhú aige.

4. Is mar threoraíocht amháin atá an doiciméad seo beartaithe. Ní leathnaítear ná ní mhodhnaítear leis na cearta ná na hoibleagáidí a bhunaítear leis an nGníomh um Shonraí.

5. Is leis an nGníomh um Shonraí amháin a bhaineann an treoraíocht seo. Dá bhrí sin, níor cheart breathnú air mar léirmhíniú, ná ní dhéanann sé difear do chur i bhfeidhm na nithe seo a leanas:

   — reachtaíocht earnáilsonrach amhail Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) (an 'Rialachán maidir le Cineálcheadú'), nó Rialachán (AE) Uimh 461/2010 ón gCoimisiún ([3]) agus na treoirlínte a ghabhann leis ([4]), go háirithe i gcás ina bhfuil feidhm ag an reachtaíocht sin maidir le rochtain ar shonraí feithicle (e.g. faisnéis diagnóisice ar bord (DAB) nó sonraí astaíochtaí feithiclí);

([1]) Rialachán (AE) 2023/2854 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2023 maidir le rialacha comhchuibhithe i dtaca le rochtain chothrom ar shonraí agus úsáid chothrom sonraí agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2394 agus Treoir (AE) 2020/1828 (an Gníomh um Shonraí) (IO L, 2023/2854, 22.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2854/oj).

([2]) Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le ceadú mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, agus faireachas margaidh orthu, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/46/CE (IO L 151, 14.6.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/858/oj).

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 461/2010 ón gCoimisiún an 27 Bealtaine 2010 maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 101(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le haicmí comhaontuithe ingearacha agus cleachtais chomhbheartaithe san earnáil mótarfheithiclí (IO L 129, 28.5.2010, lgh. 52, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/461/oj), arna leasú le Rialachán (AE) 2023/822 an 17 Aibreán 2023 ón gCoimisiún lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 461/2010 a mhéid a bhaineann lena thréimhse chur i bhfeidhm (IO L 102I, 17.4.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/822/oj).

([4]) Fógra ón gCoimisiún — Treoirlínte forlíontacha maidir le srianta ingearacha i gcomhaontuithe um mótarfheithiclí a dhíol agus a dheisiú agus um dháileadh páirteanna spártha le haghaidh mótarfheithiclí (IO C 138, 28.5.2010, lch. 16), arna leasú le Leasuithe ar an bhFógra ón gCoimisiún — Treoirlínte forlíontacha maidir le srianta ingearacha i gcomhaontuithe um mótarfheithiclí a dhíol agus a dheisiú agus um dháileadh páirteanna spártha le haghaidh mótarfheithiclí (OJ C 133I, 17.4.2023, lch. 1).

— reachtaíocht ábhartha eile, amhail Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]) (an 'Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí', cf. Aithris 7 agus Airteagal 1(5) den Ghníomh um Shonraí), nó Treoir (AE) 2023/2413 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]) (an 'Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite') agus an fógra ón gCoimisiún a ghabhann léi maidir le comhroinnt sonraí a bhaineann le ceallraí ([7]).

6. Is leis an earnáil mótarfheithiclí amháin a bhaineann an treoraíocht seo. Áirítear leis sin monaróirí buntrealaimh (OEManna), soláthróirí, soláthraithe seirbhísí iarmhargaidh agus soláthraithe árachais. Dá bhrí sin, ní féidir an t-inneachar inti a eachtarshuí go huathoibríoch chuig tionscail eile ná chuig an earnáil phoiblí.

7. Ní ghlacann an treoraíocht seo ionad treoirdhoiciméad eile maidir leis an nGníomh um Shonraí a d'fhoilsigh an Coimisiún ná ní sháraíonn sí iad. Ina ionad sin, comhlánaíonn an treoraíocht seo na doiciméid sin agus ba cheart í a léamh in éineacht leo.

8. Is inniúlacht eisiach de chuid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh é léirmhíniú ceangailteach a dhéanamh ar reachtaíocht an Aontais. Dá bhrí sin, maidir le léirmhíniú an Choimisiúin ar an nGníomh um Shonraí a mhéid a bhaineann lena chur i bhfeidhm maidir le sonraí feithicle, níl aon bhaint aige leis an léirmhíniú a d'fhéadfadh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a thabhairt.

9. Níl aon bhaint ag na tuairimí a chuirtear in iúl sa treoraíocht seo ar an seasamh a d'fhéadfadh an Coimisiún a ghlacadh os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

2. SONRAÍ A THAGANN FAOI RAON FEIDHME CHAIBIDIL II DEN GHNÍOMH UM SHONRAÍ

10. Leagtar amach i gCaibidil II den Ghníomh um Shonraí na cearta rochtana ar shonraí agus na cearta úsáide sonraí atá ag úsáideoirí táirgí nasctha agus seirbhísí gaolmhara.

2.1. **Táirgí nasctha**

11. Ciallaíonn 'táirge nasctha' 'earra a fhaigheann, a ghineann nó a bhailíonn sonraí a bhaineann lena úsáid nó lena thimpeallacht, agus atá in ann sonraí táirge a chur in iúl trí sheirbhís cumarsáide leictreonaí, trí rochtain fhisiceach nó trí rochtain ar ghaireas, agus nach é a phríomhfheidhm sonraí a stóráil, a phróiseáil ná a tharchur thar ceann aon pháirtí seachas an t-úsáideoir' (Airteagal 2(5)).

12. Ní bhaineann an treoraíocht seo ach le feithiclí ar 'táirgí nasctha' iad de réir bhrí Airteagal 2(5). Is faoin OEM nó faoin sealbhóir sonraí, de réir mar a bheidh, atá sé measúnú a dhéanamh ar cé acu a cháilíonn nó nach gcáilíonn feithicil mar 'tháirge nasctha'.

2.2. **Seirbhís ghaolmhar**

13. Ciallaíonn 'seirbhís ghaolmhar' 'seirbhís dhigiteach, seachas seirbhís cumarsáide leictreonaí, lena n-áirítear bogearraí, atá nasctha leis an táirge tráth an cheannaigh, an chíosa nó an léasa ar bhealach a gcuirfeadh éagmais na seirbhíse sin cosc ar an táirge nasctha ceann amháin nó níos mó de na feidhmeanna a bhí ag an táirge a dhéanamh, nó atá nasctha ina dhiaidh sin leis an táirge ag an monaróir nó ag tríú páirtí chun cur le feidhmeanna an táirge nasctha, iad a uasdátú nó a oiriúnú' (Airteagal 2(6)).

([5]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

([6]) Treoir (AE) 2023/2413 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Deireadh Fómhair 2023 lena leasaítear Treoir (AE) 2018/2001, Rialachán (AE) 2018/1999 agus Treoir 98/70/CE a mhéid a bhaineann le fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle (IO L, 2023/2413, 31.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2023/2413/oj).

([7]) Fógra ón gCoimisiún maidir le cur i bhfeidhm na gceanglas maidir le comhroinnt sonraí a bhaineann le ceallraí faoin Treoir athbhreithnithe maidir le Fuinneamh In-athnuaite (IO C, C/2025/4104, 25.7.2025).

14. Ní bhaineann an treoraíocht seo ach le seirbhísí gaolmhara de réir bhrí Airteagal 2(6) atá nasctha le feithicil mar a shainmhínítear i mír 12 den treoraíocht seo (chun críocha na treoraíochta seo, is féidir tagairt dó sin mar sheirbhís 'a bhaineann le feithicil').

15. Le seirbhís a bhaineann le feithicil, glactar leis go bhfuil malartú sonraí déthreoch ann idir an fheithicil agus an soláthraí seirbhíse, bíodh sé ina OEM nó ina thríú páirtí, a dhéanann difear d'oibriú nó d'iompraíocht na feithicle (cf. Aithris 17). Ní féidir a mheas gur seirbhísí gaolmhara iad seirbhísí nach ndéanann difear d'fheidhmiú na feithicle. Is samplaí de na seirbhísí sin iad aip fóin chliste lena ndéantar taifead luchtaithe feithicle leictrí a anailísiú agus a thaispeáint gan orduithe a tharchur chuig an bhfeithicil, nó seirbhísí árachais 'íoctar mar a thiomáintear', lena ndéantar anailís ar shonraí feithicle chun próifíl iompraíochta tiománaí a chruthú.

16. Go ginearálta, ní áirítear seirbhísí iarmhargaidh traidisiúnta amhail comhairliúchán cúnta, anailísíocht agus seirbhísí airgeadais, ná deisiú agus cothabháil rialta, mar sheirbhísí a bhaineann le feithicil, toisc 'nach bhfuil tionchar acu ar oibriú an táirge nasctha' nó 'nach mbaineann [siad] le tarchur sonraí ná orduithe chuig an táirge nasctha a bheith déanta ag an soláthraí seirbhíse' (cf. Aithris 17). Maidir leis na seirbhísí sin, níl 'nasc sainráite acu le hoibriú fheidhmeanna an táirge'. Mar shampla, ní mheastar gur seirbhísí gaolmhara iad deisiú agus cothabháil 'rialta', amhail athsholáthar coscán nó athruithe ola, más amhlaidh a dhéantar de láimh agus as líne iad (i.e. ní seirbhísí digiteacha iad). Thairis sin, ní gá go gcuirfeadh na seirbhísí sin 'le feidhmiúlacht' na feithicle ná go ndéanfaidís 'í a oiriúnú', ná ní gá go mbainfidís le tarchur sonraí ná orduithe chuig an bhfeithicil.

17. Féadfar na nithe seo a leanas a áireamh le seirbhísí a bhaineann le feithiclí san earnáil mótarfheithiclí:

— seirbhísí cianrialaithe feithicle a ghníomhachtaíonn nó a dhéanann feidhmeanna feithicle (e.g. glasáil/díghlasáil doras ó chian, tosú/stopadh an innill, réamhoiriúnú theochtaí chró an phíolóta, bainistíocht a dhéanamh ar luchtú feithiclí leictreacha);

— deisiú agus cothabháil 'neamhrialta' lena mbaineann malartú déthreoch sonraí idir an fheithicil agus an soláthraí seirbhíse, agus a chuireann le feidhmiúlacht na feithicle nó a dhéanann í a oiriúnú. Sampla de sheirbhís den sórt sin is ea seirbhís lena dtuartar riachtanais chothabhála ar bhonn sonraí maidir le hiompraíocht an tiománaí aonair, lena dtaispeántar foláirimh agus moltaí maidir le cothabháil ar dheais na feithicle;

— seirbhísí néalbhunaithe a stórálann sainroghanna an tiománaí a bhaineann le suíomh na suíochán agus na scáthán, an córas infheithicle faisnéise agus siamsaíochta, modh tiomána, teocht etc., agus a chuireann i bhfeidhm go huathoibríoch iad san fheithicil;

— seirbhísí um optamú dinimiciúil bealaigh a mbíonn sonraí feithicle á n-úsáid acu (e.g. leibhéal ceallra nó breosla; brú boinn) chun bealaí, stáisiúin luchtaithe nó stáisiúin bhreosla a mholadh trí dheais na feithicle.

2.3. **Sainiú na sonraí a thagann faoi raon feidhme Chaibidil II den Gníomh um Shonraí**

18. Na sonraí a thagann faoi raon feidhme Chaibidil II den Ghníomh um Shonraí, cuimsítear leo sonraí táirge (Airteagal 2(15)) agus sonraí seirbhíse gaolmhara (Airteagal 2(16)), lena n-áirítear na meiteashonraí ábhartha a bhfuil gá leo chun na sonraí sin a léirmhíniú agus a úsáid (cf. Airteagail 2(17), 3(1), 4(1) agus 5(1)).

19. Baineann an treoraíocht seo le sonraí feithicle, ar cheart iad a thuiscint, chun críocha na treoraíochta seo amháin, mar shonraí táirge a ghintear trí úsáid feithicle (cf. mír 12 den treoraíocht seo), agus mar shonraí seirbhíse a bhaineann le feithicil (cf. mír 14 den treoraíocht seo).

20. Leis an nGníomh um Shonraí, tugtar de cheart d'úsáideoirí agus do thríú páirtithe arna roghnú ag an úsáideoir rochtain a fháil ar shonraí feithicle agus iad a úsáid. Ní áirítear ann rialacha maidir le cearta rochtana ar fheidhmeanna ná ar acmhainní feithicle ([8]). Dá bhrí sin, ní cuid den treoraíocht seo iad rialacha maidir le cearta rochtana ar fheidhmeanna nó ar acmhainní feithicle.

([8]) Ba cheart acmhainní feithicle a thuiscint mar bhonneagar teicniúil na feithicle (idir chrua-earraí agus bhogearraí), a úsáidtear chun sonraí a phróiseáil (acmhainní ríomhaireachta, amhail aonaid rialaithe leictreonacha agus gníomhróirí/braiteoirí), chun rochtain a fháil ar shonraí, chun sonraí a chur in iúl lasmuigh de chóras ionsuite na feithicle nó chun idirghníomhú leis an tiománaí (acmhainní cumarsáide amhail an deais nó an comhéadan duine le meaisín).

21. I gcomhréir leis na mínithe a thugtar in Aithris 15, níor cheart do shealbhóirí sonraí rochtain a dheonú ach ar shonraí 'loma' agus 'réamhphróiseáilte', lena n-áirítear na meiteashonraí a ghabhann leo a bhfuil gá leo chun na sonraí a léirmhíniú agus a úsáid. Os a choinne sin, ba cheart a mheas, maidir le 'faisnéis a thugtar le fios le sonraí den sórt sin nó a dhíorthaítear ó shonraí den sórt sin', go bhfuil sí lasmuigh de raon feidhme an Ghnímh um Shonraí.

22. Is é is cuspóir don Ghníomh um Shonraí rochtain ar shonraí a thabhairt d'úsáideoirí agus do thríú páirtithe. Dá bhrí sin, maidir leis na sonraí uile a ghintear trí fheithicil a úsáid nó le linn seirbhís a bhaineann le feithicil a bheith á soláthar, ba cheart iad a mheas i bprionsabal faoi raon feidhme an Ghnímh um Shonraí, ach amháin más 'faisnéis a thugtar le fios nó a dhíorthaítear' ó shonraí feithicle loma agus réamhphróiseáilte iad de réir bhrí an Ghnímh um Shonraí.

23. Mar gheall ar éagsúlacht na gcur chun feidhme teicniúil féideartha agus an acmhainneacht maidir le forbairtí amach anseo, tá na ranna agus na samplaí seo a leanas ceaptha a bheith ina samplaí léiritheacha agus neamh-uileghabhálacha.

2.3.1. *Sonraí loma*

24. Is éard is sonraí loma ann sonraí nach bhfuil modhnaithe go substaintiúil. Tugtar sonraí foinseacha nó sonraí príomhúla orthu freisin. Tagraíonn siad do phointí sonraí a ghintear go huathoibríoch gan aon chineál próiseála sonraí eile (Aithris 15). Áirítear leis sin sonraí a eascraíonn go díreach as gníomhaíocht úsáideora (rialtáin, scáileáin, cnaipí etc.) nó sonraí a bhíonn á ngineadh go huathoibríoch ag braiteoirí feithicle, mar shampla.

2.3.2. *Sonraí réamhphróiseáilte*

25. Is pointí sonraí iad sonraí réamhphróiseáilte a ndearnadh próiseáil orthu 'chun iad a dhéanamh intuigthe agus inúsáidte sula ndéanfar próiseáil agus anailís orthu ina dhiaidh sin' (Aithris 15). Áirítear leis na sonraí sin 'sonraí a bhailítear ó bhraiteoir aonair nó ó ghrúpa ceangailte braiteoirí chun na sonraí a bhailítear a dhéanamh intuigthe do chásanna úsáide níos leithne trí chainníocht fhisiceach nó cáilíocht fhisiceach a chinneadh nó tríd an athrú ar chainníocht fhisiceach a chinneadh, amhail teocht, brú, ráta sreafa, fuaim, luach pH, leibhéal leachtach, suíomh, luasghéarú nó luas'. Dá bhrí sin, is tuiscint *fheidhmiúil* ar phróiseáil sonraí a chuirtear i bhfeidhm leis an nGníomh um Shonraí (is é an *fheidhm* atá ann na sonraí a dhéanamh intuigthe agus inúsáidte). Tosca amhail castacht próiseála nó an gá le hinfheistíochtaí i bpróiseáil den sórt sin a chosaint, níl ról acu i sainiú sonraí réamhphróiseáilte.

26. Gné choiteann de shonraí réamhphróiseáilte is ea go dtugann siad tuairisc ar oibriú nó stádas na feithicle agus ar na saintréithe a ghabhann leo. Ní faisnéis 'nua' iad sonraí réamhphróiseáilte; níl aon athrú ar chineál na sonraí foluiteacha. Is é sin le rá, fiú má dhéantar na sonraí a normalú, a athfhormáidiú, a scagadh, a chalabrú, a thiontú, a chomhiomlánú, a athshampláil, a cheartú, nó a thomhas, a ríomh nó a phróiseáil ar bhealach eile, is léiriú iad fós ar fhíortheagmhais nó fíordhálaí arna ngabháil ag braiteoirí nó córais feithicle (e.g. teocht, luas, luasghéarú, suíomh). Níl aon athrú ar ábhar nó ar bhrí na sonraí foinseacha agus ní dhearnadh ach iad a ullmhú nó a bheachtú lena n-úsáid amach anseo.

2.3.3. *Sonraí tugtha le fios nó sonraí díorthaithe*

27. Eisiatar ó raon feidhme an Ghnímh um Shonraí 'faisnéis a thugtar le fios nó a dhíorthaítear' ó shonraí loma agus réamhphróiseáilte, ar an taobh eile. Is éard atá i gceist le sonraí tugtha le fios nó sonraí díorthaithe toradh 'ar infheistíochtaí breise i sannadh luachanna nó léargas ó na sonraí, go háirithe trí bhíthin algartaim chasta dhílseánaigh, lena n-áirítear na halgartaim sin ar cuid de bhogearraí dílseánaigh iad' (Aithris 15).

28. Téann an coincheap 'sonraí tugtha le fios nó sonraí díorthaithe' i bhfad níos faide ná breithniú teicniúil amháin. Mar a léirítear in Aithris 15 ('faisnéis a thuigtear nó a dhíorthaítear' ó shonraí loma nó réamhphróiseáilte) agus mar a míníodh thuas cheana féin (i mír 26 den treoraíocht seo), is é *cineál na faisnéise* a léirítear i bpointe sonraí an ghné idirdhealaithe chinntitheach.. Sonraí lena gcinntear 'cainníocht fhisiceach nó cáilíocht fhisiceach nó athrú ar chainníocht fhisiceach' maidir leis an táirge nasctha, ba cheart iad a mheas faoi raon feidhme an Ghnímh um Shonraí. Os a choinne sin, sonraí a léiríonn faisnéis atá go hiomlán 'nua', arna gcruthú ag an sealbhóir sonraí a bhfuil infheistíochtaí breise á ndéanamh aige chun luach nó léargais a shannadh do shonraí loma agus réamhphróiseáilte atá ann cheana, ní thagann na sonraí sin faoin raon feidhme.

29. Mar a léirítear in Aithris 15 ('go háirithe trí bhíthin algartaim chasta dhílseánaigh') agus i gcomhréir le cuspóir an Ghnímh um Shonraí chun nuálaíochtaí sonraí ó shealbhóirí sonraí a chosaint, ní mór 'sonraí intuigthe nó díorthaithe' a bheith mar thoradh ar phróiseáil lena mbaineann castacht nó seiftiúlacht áirithe. Dá bhrí sin, má dhéantar oibríochtaí matamaiticiúla bunúsacha amhail breisiú, dealú, iolrú, roinnt nó meán a ríomh, ní fhágann sé sin go bhfuil pointe sonraí lasmuigh den raon feidhme, fiú má thagann léargais bhreise as an bpróiseáil a théann níos faide ná brí nó inneachar na sonraí foinseacha (e.g. úsáid a bhaint as na pointí sonraí réamhphróiseáilte 'ráta sreafa breosla i lítir/uair an chloig' agus 'luas feithicle in km/u' chun an t-ídiú breosla reatha nó meánach a ríomh).

30. Féachann an Gníomh um Shonraí lena chur ar a gcumas d'úsáideoirí agus do thríú páirtithe rochtain a fháil ar shonraí (comh)ghinte agus iad a úsáid chun táirgí agus seirbhísí nuálacha a fhorbairt ar comhchéim leis an sealbhóir sonraí. Dá bhrí sin, cé go bhfuil cosaint ar nochtadh ann maidir le próiseáil nuálach a bhíonn á déanamh ag sealbhóirí sonraí chun luachanna breise nó léargais bhreise a fháil ó shonraí loma nó réamhphróiseáilte, tá na sonraí foluiteacha a fheidhmíonn mar ionchur le haghaidh próiseáil den sórt sin fós faoin raon feidhme i gcoitinne, ach amháin i gcás ina bhfuil na sonraí sin iontu féin intuigthe nó díorthaithe de réir bhrí an Ghnímh um Shonraí.

31. Is léiriú níos fearr ar an réasúnaíocht sin an teaglaim sonraí ó fhoinsí éagsúla amhail braiteoirí. De réir Aithris 15, 'faisnéis a fuarthas trí bhraiteoirí a chumasc, is é sin go dtuigtear nó go mbaintear sonraí as roinnt braiteoirí', ba cheart í a mheas mar fhaisnéis atá lasmuigh de raon feidhme an Ghnímh um Shonraí. Ní chiallaíonn sé sin, áfach, gur leor aon teaglaim de phointí sonraí éagsúla ann féin chun na sonraí a eascraíonn as sin a chur lasmuigh den raon feidhme. Deimhnítear é sin le hAithris 15, ina luaitear go meastar, in imthosca áirithe, go dtagann sonraí atá 'in éineacht le sonraí eile' faoin raon feidhme. Ina ionad sin, chun iad a eisiamh ón raon feidhme, ní mór, mar thoradh ar phróiseáil sonraí ó fhoinsí iomadúla, *léargais atá go hiomlán nua* a bheith ann a théann níos faide ná oibríochtaí matamaiticiúla bunúsacha i ndáil leis na sonraí foinseacha (e.g. córais braite réada lena bpróiseáiltear sonraí ó fhoinsí éagsúla chun anailís a dhéanamh ar thimpeallacht na feithicle). Os a choinne sin, maidir le sonraí ar toradh iad ar theaglaim sonraí *ach nach gcuireann aon léargas fóinteach nua ar fáil a théann níos faide ná cineál na faisnéise a léirítear sna sonraí foinseacha*, ba cheart a mheas go dtagann na sonraí sin faoin raon feidhme. Áirítear le samplaí de shonraí den sórt sin sonraí suímh atá bunaithe ar chórais um loingseoireacht satailíte dhomhanda (GNSS) a chur mar chlib le sonraí eile feithicle chun sonraí suíomh-tagartha a tháirgeadh, pointe sonraí a stampáil ó thaobh ama de, nó comhghaolú cartagrafach maidir le sonraí braiteora bunaithe ar GNSS chun geoshuíomh níos cruinne a tháirgeadh.

32. Meastar de ghnáth nach dtagann tuartha ar theagmhais, luachanna nó dálaí amach anseo faoin raon feidhme toisc gurb iondúil a soláthraíonn siad faisnéis 'nua' a théann níos faide ná tuairisc agus saintréithe a thabhairt ar oibriú nó stádas reatha na feithicle (cf. mír 26 den treoraíocht seo). Tugann 'tuar' le tuiscint go bhfuil méid áirithe éiginnteachta ann (e.g. tuartha maidir le conair feithicle). Tá sé sin i gcodarsnacht le teagmhais, luachanna nó dálaí atá cinnte, d'ainneoin iad a bheith sa todhchaí, nó nach bhfuil aon léirmhíniú casta ag teastáil ina leith a théann níos faide ná oibríochtaí matamaiticiúla bunúsacha. I measc na samplaí díobh sin tá dáta/tréimhse réamhshocraithe na chéad seirbhíse eile, agus paraiméadair nó luachanna reatha arna n-eachtarshuí amach romhainn agus úsáid á baint as oibríochtaí matamaiticiúla bunúsacha amhail cothromóidí líneacha. I gcás ina mbaineann an teagmhas, an luach nó an coinníoll tuartha le sonraí a mheasfaí a bheith laistigh de raon feidhme an Ghnímh um Shonraí gan an eilimint thuarthach sin san áireamh, ní mór do shealbhóirí sonraí pointe sonraí malartach a chur ar fáil, fiú mura bhfuil sé chomh cruinn céanna, más sonraí réamhphróiseáilte é an pointe sonraí sin de réir bhrí an Ghnímh um Shonraí agus má tá sé ar fáil go héasca dóibh. Mar shampla, d'fhéadfadh go mbeadh samhail chasta mheaisínfhoghlama á húsáid ag braiteoir fíorúil leibhéil breosla chun leibhéal breosla amach anseo a thuar bunaithe ar stíl tiomána, stair turais, agus tosca eile. Mar sin féin, má tá sonraí malartacha faoin leibhéal breosla gan eilimint thuarthach ar fáil go héasca don sealbhóir sonraí, e.g. trí chomhartha braiteora lena dtugtar an leibhéal fisiceach breosla le fios, comhartha braiteora nach bhfuil chomh cruinn céanna, ní mór na sonraí sin a chur ar fáil.

2.3.4. *Samplaí de shonraí a thagann faoin raon feidhme agus atá lasmuigh de*

33. Sa chomhthéacs sin, d'fhéadfadh sé go n-áireofaí an méid seo a leanas ar shamplaí de shonraí loma de réir bhrí an Ghnímh um Shonraí:

(a) comharthaí braiteora (e.g. luas rotha; brú boinn ó chomhla an chórais faireacháin ar bhrú boinn; brú coscán; ráta luascála; comharthaí suímh na bhfuinneog, na scóige nó comhpháirteanna eile feithicle; léamha an bhraiteora ocsaigine; oll-aershreabhadh; uillinn an rotha stiúrtha; imrothluithe innill in aghaidh an nóiméid);

(b) sonraí loma íomhá nó néalsonraí loma pointe díreach ó cheamaraí agus ó bhraiteoirí LiDAR;

(c) fuaimthonnta arna ngabháil ag micreafóin;

(d) sonraí comharthaí radair sula gcuirtear algartaim braite nó rianaithe réad i bhfeidhm;

(e) teachtaireachtaí bus loma líonra achair rialaitheora (CAN);

(f) sonraí a eascraíonn go díreach as orduithe de láimh (e.g. cuimilteoir: air/as; úsáid aerchóirithe) nó as truicearadh simplí (e.g. eochair: air/as; coscán láimhe: air/as;

(g) stádas comhpháirte feithicle (e.g. feithicil, doras, fuinneog, cochall: glasáilte/díghlasáilte) etc.

34. D'fhéadfaí a áireamh leis na samplaí de shonraí réamhphróiseáilte ([9]) de réir bhrí an Ghnímh um Shonraí na samplaí seo a leanas:

(a) teochtaí a thomhaistear nó a ríomhtar laistigh nó lasmuigh den fheithicil (in °C ([10]), e.g. ola, fuarthán, inneall, cealla ceallraí, catalaíoch, aer lasmuigh etc.);

(b) luas na feithicle (in km/u nó msu);

(c) luasghéarú feithicle;

(d) leibhéil leachta (i lítir agus mar chéatadán, e.g. breosla, ola, leacht sceite díosail, leacht coscán, leacht cuimilteoirí gaothscátha);

(e) sreabhrátaí (e.g. breosla);

(f) Sonraí bunaithe ar GNSS amhail suíomh (ceartaithe);

(g) luach odaiméadair;

(h) ídiú breosla/fuinnimh (i lítir/100 km nó i mílte/galúin nó cileavatuair/100 km), ach amháin má thuartar é de réir bhrí mhír 32 den treoraíocht seo;

(i) achoimrí turais (e.g. am an lae a thiomáintear an fheithicil; an meánfhad a thaistealaítear);

(j) leibhéal ceallra (i volta agus mar chéatadán);

(k) brú normalaithe boinn ag an teocht tagartha (i bpuint an t-orlach cearnach, bar nó kPa);

(l) caitheamh pillíní coscáin (mar chéatadán), ach amháin má thuartar é de réir bhrí mhír 32 den treoraíocht seo;

(m) am na chéad seirbhíse eile nó an t-achar go dtí an chéad seirbhís eile, ach amháin má thuartar é de réir bhrí mhír 32 den treoraíocht seo;

(n) staid nó bail córais nó comhpháirte feithicle a fhaightear ó phróiseáil sonraí loma (e.g. stádas innill, i.e. rith an innill: air/as; stádas an chórais stoptha/tosaithe: gníomhach/neamhghníomhach; stádas luchtaithe ceallra: idir lámha/críochnaithe/sa mhód teipe agus mar chéatadán, gan beann ar cé acu atá nó nach bhfuil an fheithicil plugáilte isteach; stádas gníomhachtaithe an tsolais/cuimilteora uathoibríoch, an chórais coscánaithe frithghlasála, nó an mhála aeir; faisnéis lena léirítear mífheidhmeanna crua-earraí feithicle, e.g. cóid fabht nó lampaí táscaire mífheidhme);

(o) sonraí a úsáidtear mar pharaiméadair i bpróiseáil bhreise nó i ríomhanna breise, fiú má thagann siad ó ghníomhaíocht a rinne an t-úsáideoir (e.g. spriocthéocht arna socrú ag an úsáideoir, a mbaineann an córas rialaithe aeráide úsáid aisti chun téamh/fuarú a rialáil; giar a roghnaítear de láimh a mbaineann an t-aonad rialaithe traiseolta úsáid as chun an chasmhóimint innill a bhainistiú; an mód spóirt a ghníomhachtú, rud a fhágann go n-úsáidtear an paraiméadar 'mód spóirt gníomhach' i loighicí ilrialaithe) etc.

35. D'fhéadfaí a áireamh leis na samplaí de shonraí intuigthe nó réamhphróiseáilte ([11]) de réir bhrí an Ghnímh um Shonraí na samplaí seo a leanas:

(a) sonraí a ghintear le halgartaim um athródú dinimiciúil agus um pleanáil bealaigh optamach;

(b) sonraí ardchóras cúnaimh tiománaí seachas sonraí stádais (gníomhachtaithe) (e.g. brath agus aicmiú réada, tuartha ruthaig, measúnú riosca, coscánú éigeandála, orduithe cúnaimh tiomána amhail cúnamh um fhanacht i lána, luasrialú oiriúnaitheach nó foláirimh um barraíocht luais);

(c) sonraí a eascraíonn as algartaim rialaithe innill lena ndéantar éifeachtúlacht breosla, astaíochtaí agus feidhmíocht a bharrfheabhsú;

(d) sonraí córas anailísithe tiománaí amhail scóir tiomána nó éiceascóir;

(e) anailís ar dhéine tuairte etc.

([9]) Ag brath ar ailtireacht na feithicle aonair, is mar shonraí loma seachas mar shonraí réamhphróiseáilte is fearr cuid de na pointí sonraí sin a aicmiú.

([10]) Tá na haonaid a luaitear sa roinn seo ceaptha a bheith táscach agus ní uileghabhálach. An oibleagáid maidir le pointe sonraí a chur ar fáil, tá feidhm aici freisin i gcás ina roghnaíonn an sealbhóir sonraí aonad eile a úsáid.

([11]) Níl aon tionchar ag an liosta seo ar oibleagáidí sonraí a chur ar fáil de réir reachtaíocht earnáilsonrach, cf. mír 5.

3. ROCHTAIN AR SHONRAÍ FEITHICLE (AIRTEAGAIL 3, 4 AGUS 5)

36. Is príomhghné de Chaibidil II den Ghníomh um Shonraí é an ceart atá ag úsáideoirí rochtain a fháil ar shonraí táirgí agus seirbhísí gaolmhara agus iad a úsáid, lena n-áirítear an méid sin a dhéanamh chun iad a chomhroinnt lena rogha tríú páirtithe. Is féidir le sealbhóirí sonraí rochtain a thabhairt d'úsáideoirí ar shonraí go díreach i gcomhréir le hAirteagal 3(1) nó go hindíreach i gcomhréir le hAirteagal 4(1).

37. Ní chruthaítear le hAirteagal 3(1) oibleagáid rochtain dhíreach a thabhairt don úsáideoir ar shonraí táirge (i.e. sonraí atá deartha le bheith in-aisghafa) agus ar shonraí seirbhísí gaolmhara i ngach cás, ach amháin 'i gcás inarb ábhartha agus inarb féidir go teicniúil'. Is é is aidhm don fhoclaíocht sin rogha a thabhairt do na monaróirí feithiclí cé acu táirge nasctha a dhearadh sa chaoi go dtugtar rochtain 'neamhrialaithe' ar shonraí don úsáideoir (i.e. gan aon idirghabháil ó aon pháirtí eile) nó sa chaoi go dtugtar rochtain dó faoi réir rialuithe breise i gcomhréir le hAirteagal 4(1).

38. I gcás nach féidir le húsáideoirí rochtain dhíreach a fháil ar shonraí ón bhfeithicil i gcomhréir le hAirteagal 3(1), ní mór do shealbhóirí sonraí rochtain indíreach ar shonraí atá ar fáil go héasca a dheonú don úsáideoir i gcomhréir le hAirteagal 4(1). Thairis sin, gan beann ar cé acu rochtain dhíreach nó rochtain indíreach a dheonaítear don úsáideoir, ní mór do shealbhóirí sonraí rochtain a thabhairt do thríú páirtí ar shonraí atá ar fáil go héasca, arna iarraidh sin don úsáideoir, i gcomhréir le hAirteagal 5(1). ciallaíonn 'sonraí atá ar fáil go héasca' 'sonraí táirge agus sonraí seirbhíse gaolmhaire a fhaigheann sealbhóir sonraí go dleathach nó ar féidir le sealbhóir sonraí a fháil go dleathach ón táirge nasctha nó ón tseirbhís ghaolmhar, gan iarracht dhíréireach lena bhfuil níos mó ná oibríocht shimplí i gceist' (Airteagal 2(17)).

39. I gcomhthéacs gluaisteán, sampla tábhachtach de shonraí atá ar fáil go héasca is ea sonraí arna nginiúint ag feithicil nasctha, a sheoltar chuig freastalaí cúil de chuid an OEM, go sonrach faoin gcoincheap 'feithicil leathnaithe'. Beidh sonraí den sórt sin ar fáil go héasca don OEM.

40. Féadfaidh OEManna a roghnú, ar chúiseanna éagsúla, gan pointí sonraí áirithe a aisghabháil nó a stóráil ar an taobh cúil, cé go ligfí, le hailtireacht na feithicle, iad a tharchur go teicniúil. Ar na cúiseanna sin, tá bandaleithead teoranta tarchuir, srianta maidir le cumhacht próiseála nó srianta eile a fhorchuirtear le hailtireacht na feithicle, costas na dtarchur sonraí, an dearcadh gur ann d'easpa cás úsáide gnó, etc. D'ainneoin sin, d'fhéadfadh na sonraí sin teacht faoi raon feidhme an Ghnímh um Shonraí, ós rud é go n-áirítear leis an gcoincheap 'sonraí atá ar fáil go héasca' sonraí nach bhfaigheann sealbhóir sonraí ach ar féidir leis iad 'a fháil go dleathach'. Nuair a bhíonn meastóireacht á déanamh ag OEManna ar cé acu is féidir nó nach féidir pointe sonraí áirithe a fháil 'gan iarracht dhíréireach lena bhfuil níos mó ná oibríocht shimplí i gceist', áirítear leis na tosca a d'fhéadfaidís a chur san áireamh an chastacht theicniúil agus an costas a bhaineann leis an bpointe sonraí a fháil.

41. Tá an Gníomh um Shonraí neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de agus ní chruthaítear leis coinníollacha dochta maidir le formáid nó cáilíocht na sonraí ná maidir leis an gcaoi ar gá do shealbhóirí sonraí rochtain a dheonú ar shonraí feithicle atá ar fáil go héasca. Tá sé de shaoirse ag sealbhóirí sonraí, i bprionsabal, cinneadh a dhéanamh maidir leis na modhanna trína ndeonaítear rochtain. D'fhéadfaí a áireamh leis sin, mar shampla, réitigh chúil chianda, rochtain ar bord, nó fiú seirbhíse idirghabhála sonraí a úsáid. Ní mór do shealbhóirí sonraí na coinníollacha rochtana agus úsáide atá in Airteagail 3–5 a chomhlíonadh, lena n-áirítear an ceanglas chun sonraí a chur ar fáil 'den cháilíocht chéanna agus atá ar fáil don sealbhóir sonraí' (Airteagail 4(1) agus 5(1)). Má roghnaítear modh rochtana as a dtagann sonraí nach bhfuil, mar shampla, chomh cruinn, iomlán, iontaofa, ábhartha ná cothrom le dáta céanna (cf. Aithris 30) is atá na sonraí atá ar fáil don sealbhóir sonraí trí mhodhanna eile, níl an oibleagáid maidir le cáilíocht á comhlíonadh ag an modh sin. Sna cásanna sin, ní mór don sealbhóir sonraí rochtain a dheonú trí mhodhanna lena gcuirtear ar a chumas don úsáideoir nó don tríú páirtí sonraí ar cháilíocht choibhéiseach a fháil, ach amháin i gcás ina bhfuil bonn cirt le socrú eile faoin nGníomh um Shonraí, faoi dhlí eile de chuid an Aontais, nó faoi reachtaíocht náisiúnta arna glacadh i gcomhréir le dlí an Aontais.

42. Leis an gceanglas maidir le sonraí a chur ar fáil 'den cháilíocht chéanna agus atá ar fáil don sealbhóir sonraí', cuimsítear riail freisin gan idirdhealú a dhéanamh in aghaidh an úsáideora nó tríú páirtithe amhail siopaí deisiúcháin neamhspleácha nó soláthraithe seirbhíse neamhspleácha eile. Tugann sé sin le tuiscint nár cheart do shealbhóirí na sonraí sin a chur ar fáil ar leibhéal cáilíochta atá níos ísle ná an leibhéal ar a gcuireann siad na sonraí ar fáil dóibh féin, d'fhochuideachtaí nó do chomhpháirtithe údaraithe, do dhéileálaithe agus do dheisitheoirí.

43. Thairis sin, ceanglaítear le hAirteagail 3(1), 4(1) agus 5(1) den Ghníomh um Shonraí go gcuirfear sonraí ar fáil 'go héasca' don úsáideoir agus do thríú páirtithe. Ciallaíonn sé sin nach mór rochtain a sholáthar ar bhealach éascaithe agus gan baic mhíchuí, costais nó bacainní nós imeachta.

44. I gcás ina roghnaíonn sealbhóirí sonraí sonraí a chur ar fáil don úsáideoir trí phort tiomnaithe DAB-II laistigh den fheithicil, ní féidir a cheangal ar an úsáideoir sainuirlis rochtana a cheannach ar a gcostas féin ná ardscileanna teicniúla a bheith aige chun na sonraí a aisghabháil. Dá bhrí sin, féadfaidh sealbhóirí sonraí rogha a dhéanamh uirlis rochtana oiriúnach a sholáthar don úsáideoir gan costais bhreise in éineacht leis an bhfeithicil a ceannaíodh nó a fuarthas ar cíos nó ar léas, nó na sonraí a chur ar fáil trí mhodhanna rochtana eile amhail freastalaí cúil cianda. Níl aon tionchar ag an mír seo ar reachtaíocht earnáilsonrach, go háirithe Airteagail 61–66 agus Iarscríbhinn X den Rialachán Cineálcheadaithe.

45. Ní shainordaítear leis an nGníomh um Shonraí ach sonraí a chur ar fáil atá ceaptha le bheith in-aisghafa. Ní áirítear leis sin, mar shampla, sonraí a phróiseáiltear 'ar an imeall' (i.e. laistigh den fheithicil) agus nach féidir le haon pháirtí, lena n-áirítear OEManna, rochtain a fháil orthu toisc go scriostar iad láithreach tar éis na próiseála. Tá pointí sonraí áirithe, amhail sonraí méadair luasghéaraithe, luas feithicle, suíomh bunaithe ar GNSS nó luach odaiméadair, fíor-riachtanach maidir le go leor cásanna úsáide iarmhargaidh. Dá bhrí sin, moltar do OEManna breithniú a dhéanamh ar a thábhachtaí atá pointí sonraí do sholáthraithe seirbhíse iarmhargaidh neamhspleácha agus cinneadh á dhéanamh acu faoi cé acu pointí sonraí den sórt sin a dhearadh le bheith in-aisghafa ón bhfeithicil nó gan sin a dhéanamh.

4. COSTAS ROCHTANA AR SHONRAÍ

46. Sealbhóirí sonraí a bhfuil sé d'oibleagáid orthu sonraí a chur ar fáil d'fhaighteoir sonraí, go háirithe faoi Airteagal 5, i gcaidreamh gnólacht le gnólacht, tá siad i dteideal cúiteamh réasúnta a fháil i gcomhréir le hAirteagal 9. Níl aon tionchar aige sin ar dhlí eile de chuid an Aontais ná ar reachtaíocht náisiúnta eile a ghlactar i gcomhréir le dlí an Aontais lena rialaítear rochtain ar shonraí san earnáil mótarfheithiclí, lena n-áirítear an fhaisnéis theicniúil is gá chun tástáil ródacmhainneachta a dhéanamh ([12]). Beidh treoraíocht mhionsonraithe maidir leis an gcaoi le cúiteamh den sórt sin a ríomh ar fáil sna treoirlínte atá le teacht ón gCoimisiún maidir le cúiteamh réasúnta a ríomh de bhun Airteagal 9(5).

5. NITHE ILGHNÉITHEACHA

47. Molann an Coimisiún do na húdaráis inniúla a fhorfheidhmíonn an Gníomh um Shonraí dul i dteagmháil go gníomhach le húdaráis ábhartha eile san earnáil mótarfheithiclí, go háirithe údaráis inniúla náisiúnta faoin Rialachán Cineálcheadaithe agus faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, i gcomhréir le hAirteagal 37(5)(g) den Ghníomh um Shonraí, chun forfheidhmiú cuí agus idirghníomhú rianúil a áirithiú idir an Gníomh um Shonraí agus reachtaíocht ábhartha eile. Déanfaidh an Coimisiún a dhícheall idirphlé cuiditheach a dhéanamh leis na húdaráis inniúla a fhorfheidhmíonn an Gníomh um Shonraí agus leis na húdaráis ábhartha eile san earnáil mótarfheithiclí chun tacú lena ngníomhaíochtaí. Sa chomhthéacs sin, is féidir leis an mBord Eorpach um Nuálaíocht Sonraí a bheith ina fhóram chun comhsheasmhacht agus foghlaim fhrithpháirteach a chur chun cinn ar fud earnálacha agus Bhallstáit an Aontais.

48. Molann an Coimisiún do pháirtithe leasmhara uile na hearnála tionsclaíochta a ndéantar difear dóibh dul i mbun idirphlé chun cur chun feidhme cothrom a bhaint amach, agus leasanna dlisteanacha na bpáirtithe ábhartha uile á gcur san áireamh. Leis an idirphlé sin, beifear in ann aghaidh a thabhairt, ní hamháin ar chur chun feidhme an Ghnímh um Shonraí ach ar shaincheisteanna eile atá ábhartha maidir leis an éiceachóras mótarfheithiclí freisin. Geallann an Coimisiún go n-éascóidh sé idirphlé comhthairbheach den sórt sin.

49. Spreagann agus éascaíonn an Coimisiún forbairt agus glacadh caighdeán maidir le rochtain ar shonraí san earnáil mótarfheithiclí, agus oibreoidh sé go héifeachtach leis na comhlachtaí ábhartha um chaighdeánú agus um rialachas sonraí chun idir-inoibritheacht, slándáil agus iomaíocht chóir a áirithiú.

50. I bhfianaise úrnuacht an Ghnímh um Shonraí agus na bhforbairtí leanúnacha i dteicneolaíochtaí ábhartha, ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar an treoraíocht seo tar éis tréimhse iomchuí chun measúnú a dhéanamh ar a héifeachtacht san earnáil mótarfheithiclí agus chun aon saincheist atá fós gan réiteach a shainaithint.

([12]) Treoir 2014/45/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le tástálacha tréimhsiúla ródacmhainneachta ar mhótarfheithiclí agus ar leantóirí mótarfheithiclí agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/40/CE (IO L 127, 29.4.2014, lch. 51, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/45/oj).